Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8198/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0243(COD)**

**CODEC 594**
**CADREFIN 237**
**FIN 354**
**POLGEN 68**
**ACP 41**
**COEST 101**
**MAMA 81**
**DEVGEN 92**
**COLAC 32**
**COAFR 121**
**COASI 65**
**CORLX 262**
**COHOM 86**
**ECOFIN 429**
**ASIM 28**
**MIGR 87**
**ATO 33**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 14 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, bunaithe ar Airteagail 209, 212 agus 322(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 12 Nollaig 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 6 Nollaig 2018[3].

---

[1] 10148/18 + ADD 1.
[2] IO C 110, 22.3.2019, lgh. 163-170
[3] IO C 86, 7.3.2019, lgh. 295-309.

4. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuairim uaithi an 13 Nollaig 2018[4].

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Márta 2019[5].

6. An 17 Márta 2021, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

7. Ina dhiaidh sin, an 18 Márta 2021, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) agus Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt (DEVE) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirligh an dá Choiste sin litir an 19 Márta 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a seasamh ar an gcéad léamh, a leagtar amach in 6879/21, agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 6879/21 ADD 1, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir ag staonadh;
- an ráiteas ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, agus na dearbhuithe ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo iad, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus a fhoilsiú i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 3 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

[4] IO C 45, 4.2.2019, lgh. 1-18.
[5] 7801/19.

Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[6], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 29 Bealtaine 2021.

---

[6] Cinneadh (AE) 2020/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15–16).